Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Samhain 2026
(OR. en)

**15995/26**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0134(COD)**

**TELECOM 563**
**MI 1211**
**ESPACE 191**
**CSC 756**
**CODEC 2198**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an nós imeachta um údarú córas a sholáthraíonn seirbhísí satailíte soghluaiste agus úsáid á baint as an mbanda minicíochta comhchuibhithe 2 GHz agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 626/2008/CE (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)<br>- Cur chuige ginearálta<br>*= Ráiteas ó Lucsamburg* |

**D'iarr Lucsamburg go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Is mian le Lucsamburg béim a leagan ar na hábhair imní atá aige maidir le gnéithe áirithe den chreat atá beartaithe, go háirithe Airteagail 6, 9 agus 10.

I bhfianaise cineál straitéiseach Seirbhísí Satailíte Soghluaiste, tá sé fíor-riachtanach go léiríonn an t-eintiteas a bhfuil an ceart úsáide aige an saineolas, na cumais theicniúla agus an fhreagracht oibríochtúil is gá chun an córas satailíte a oibriú agus a rialú go héifeachtach. Tá an baol ann, agus na forálacha mar atá sa leagan reatha de na forálacha ábhartha sa sainordú atá beartaithe ag an gComhairle, go gcruthófaí deighilt idir an t-eintiteas, an cuibhreannas nó an comhfhiontar a bhfuil an ceart úsáide aige agus an t-oibreoir satailíte atá freagrach as an gcóras satailíte a mhaoiniú agus a oibriú, ionas go bhféadfaí a cheadú go ligfí ar fhochonradh freagrachtaí criticiúla, lena n-áirítear comhduithe agus údaruithe satailíte.

Is mian le Lucsamburg ceisteanna a chur freisin maidir le hinmharthanacht phraiticiúil agus eacnamaíoch an chreata atá beartaithe, go háirithe an gcoinneodh oibreoirí líonraí satailíte (OLSanna) dreasachtaí leordhóthanacha chun infheistíocht a dhéanamh dá mbeadh a ról teoranta d'fhochonraitheoir agus an mbeadh an tsamhail inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de san fhadtéarma.

Ar deireadh, creideann Lucsamburg gur comhpháirtithe nádúrtha iad oibreoirí líonraí trastíre agus satailíte agus soláthraithe seirbhíse, nach mór dlúthchomhar a dhéanamh chun Seirbhísí Satailíte Soghluaiste a sholáthar go rathúil do ghrúpaí úsáideoirí éagsúla ar bhonn domhanda, ach gach comhpháirtí a bheith ag díriú ar a réimse sonrach saineolais. Chun a áirithiú go mbeadh rochtain ag gach úsáideoir leasmhar ar na seirbhísí sin, tá sé fíor-riachtanach go gcuirfeadh an OLS roghnaithe an tseirbhís satailíte ar fáil ar bhonn cothrom, oscailte agus neamh-idirdhealaitheach laistigh den Aontas agus lasmuigh de. Cuireann Lucsamburg i dtábhacht an imní atá air go bhféadfadh comhchruinniú margaidh iomarcach eascairt as ionstraim dlí cheangailteach a bheith ann atá infheidhme go díreach agus go dtabharfaí do líon teoranta oibreoirí líonraí móra trastíre agus soláthraithe seirbhíse smacht díréireach ar sholáthar Seirbhísí Satailíte Soghluaiste sa bhanda 2 GHz san Eoraip.

Measann Lucsamburg gur cheart tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar na saincheisteanna sin agus tá sé ag tnúth le leanúint de bheith ag obair ar bhealach cuiditheach leis na Ballstáit, le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún Eorpach ar na ceisteanna teicniúla agus ar na hábhair imní atá fós gan réiteach, d'fhonn creat cothrom, inbhuanaithe a sheasfaidh an aimsir a áirithiú do Sheirbhísí Satailíte Soghluaiste.